



8507/19

Comhaid Idirinstitiúideacha:

2016/0264(COD)
2017/0048(COD)
2017/0136(COD)
2017/0230(COD)
2017/0231(COD)
2017/0232(COD)
2017/0358(COD)
2017/0359(COD)
2018/0042(COD)
2018/0043(COD)
2018/0090(COD)
2018/0106(COD)
2018/0114(COD)
2018/0129(COD)
2018/0145(COD)
2018/0165(COD)
2018/0179(COD)
2018/0180(COD)
2018/0189(COD)
2018/0330(COD)

CODEC 937	ATO 52
SOC 309	CYBER 140
EMPL 229	COPEN 185
FREMP 64	POLGEN 88
JAI 454	INF 123
TELECOM 200	ANIMAUX 14
COMPET 370	STATIS 37
RC 17	ENT 127
CONSOM 157	JUSTCIV 114
DAPIX 165	DENLEG 56
DATAPROTECT 134	EDUC 227
DROIPEN 70	ECOFIN 447
FIN 324	EF 178
MI 399	SURE 35
PI 78	CRIMORG 72
ENFOCUSTOM 89	FRONT 167
AGRI 230	SIRIS 83
ETS 17	COMIX 243
SERVICES 28	DRS 38
TRANS 308	SUSTDEV 75
FISC 245	IND 159
SAN 228	IA 142
ENV 450	PE 197
GAF 44	

NÓTA FAISNÉISE

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Comhaid faoin ngnáthnós imeachta reachtach ar dóigh go rachaidh siad faoi réir an nós imeachta Ceartúcháin i bParlaimint na hEorpa

San Iarscibhinn a ghabhann leis seo, gheobhaidh na toscaireachtaí liosta de na comhaid ar dóigh go rachaidh siad faoi réir an nós imeachta Ceartúcháin i bParlaimint na hEorpa¹. I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta², bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoi na sainchomhaid seo ar an gcéad léamh agus, ar an gcaoi sin, an dara léamh agus idir-réiteach a sheachaint.

Ach a mbeidh na téacsanna thuasluaite scrúdaithe ag na dlí-theangeolaithe, agus na ceartúcháin glactha dá réir ag seisiún iomlánach den Pharlaimint, is ceart go mbeadh ar chumas na Comhairle seasamh na Parlaiminte a fhormheas ar an mbonn sin, rud a chuirfidh clabhsúr ar an gcéad léamh ag an dá institiúid.

Ansin, d'fhéadfaí na gníomhartha a ghlacadh san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

¹ Riail 231, Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte.

² IO C 145, 30.06.2007, lch. 5.

1. 2018/0106 (COD) - Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais
2. 2018/0129 (COD) - Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2008/96/CE maidir le sábháilteacht an bhonneagair bóthair a bhainistiú
3. 2018/0189 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hAcht na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le Sonrúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha
4. 2018/0145 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí dá leithéid, maidir lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóithre, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/... agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 78/2009, Rialachán (CE) Uimh. 79/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 661/2009
5. 2016/0264 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí
6. 2017/0358 (COD) - Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Teoracha 2013/36/AE agus 2014/65/AE
7. 2017/0359 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010

8. 2018/0330 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach Uimh. 98/700/CGB ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 1052/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
9. 2017/0048 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh gnó Eorpach lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 agus lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó
10. 2017/0136 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i dtaca leis na nósanna imeachta agus na húdaráis a bhaineann le CPLanna a údarú agus na ceanglais maidir le CPLanna tríú tír a aithint
11. 2017/0230 (COD) - Togra leasaithe le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach); Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde); Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí); Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 maidir le cistí caipitil fiontair Eorpacha; Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 maidir le cistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha; Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais; Rialachán (AE) Uimh. 2015/760 maidir le cistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha; Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais, nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas; Rialachán (AE) 2017/1129 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte; agus Treoir (AE) 2015/849 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta

12. 2017/0231 (COD) - Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus Treoir 2009/138/CE maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais, agus gabháil don ghnó sin (Sócmhainneacht II)
13. 2017/0232 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach
14. 2018/0042 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i dtaca le neamhchosaintí i bhfoirm bannaí faoi chumhdach, a leasú
15. 2018/0043 (COD) - Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le heisiúint bannaí faoi chumhdach agus le maoirseacht phoiblí ar bhannaí faoi chumhdach agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/AE agus 2014/59/AE
16. 2018/0090 (COD) - Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 93/13/CEE an 5 Aibreán 1993, Treoir 98/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forfheidhmiú agus nuachóiriú níos fearr ar rialacha cosanta thomhaltóirí an Aontais Eorpaigh
17. 2018/0114 (COD) - Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2017/1132 maidir le comhshónna, cumaisc agus deighiltí trasteorann
18. 2018/0165 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 agus (AE) 2017/1129 maidir le húsáid margaí fáis FBManna a chur chun cinn

19. 2018/0179 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le nochtaí a bhaineann le hinfheistíochtaí inbhuanaithe agus rioscaí inbhuanaitheachta agus lena leasaítear Treoir (AE) 2016/2341
 20. 2018/0180 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le tagarmharcanna ísealcharbóin agus tagarmharcanna do thionchar dearfach carbóin
-